SuperValu Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

# Eagrán 1 Nuachtlitir Bailte Slachtmhara SuperValu – 2025

## Tacaíonn Comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu, atá á riaradh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus atá urraithe ag SuperValu, le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

A Chairde,

Fáilte go heagrán ollmhór de nuachtlitir Bailte Slachtmhara SuperValu 2025. Gabhaimid buíochas ó chroí leis na grúpaí go léir a chuir iontráil faoi bhráid do chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2025. Tá breis is 900 iontráil cláraithe againn, nach iontach go deo an méid sráidbhailte, bailte agus ionaid mhóra uirbeacha atá i gceist leis an líon sin, ar fud na tíre atá ag déanamh a gcion le háit níos fearr a dhéanamh dá gceantar.

Tá an mholtóireacht faoi lán seoil inár mbailte agus sráidbhailte – agus na moltóirí á gcoinneáil gnóthach agaibh le bhur gcuid tionscadal go léir. Fógrófar na torthaí i mí Dheireadh Fómhair, ach go dtí sin, ba mhór againn buíochas a ghlacadh le gach uile dhuine agaibh arís eile agus ádh mór a ghuí oraibh go léir i gcomórtas na bliana seo.

San eagrán seo, déanfaimid achoimre ar na tionscadail éagsúla ar thug grúpaí na mBailte Slachtmhaire fúthu ar fud na tíre. Rinne Bailte Slachtmhara Chaisleán an Bharraigh ceiliúradh ar 30 bliain de spiorad pobail, féachaimid ar Shean-Chlós Súgartha Chluain Tuaiscirt, Mórtas i mBailte Slachtmhara Dhroim Sheanbhó agus Turas Bláthbhoscaí Fuinneoige agus Bláthchiseáin ar Crochadh Chathair na Mart. San áireamh freisin tá Réinfhianna Dhaidí na Nollag an Ghleanntáin, Grúpa Inbhuanaitheachta Comhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide Chaisleán Cnucha, ár gcúinne filíochta agus tabharfaimid torthaí chomórtas an Bhaile is Slachtmhaire in Éirinn 2025 chomh fada leat.

Lean oraibh, le bhur dtoil, ag seoladh ailt agus píosaí nuachta chugainn don nuachtlitir - is breá linn torthaí na hoibre atá idir lámha agaibh a fheiceáil agus a roinnt!

**San eagrán seo**


- Seoladh Chomórtas na Bliana 2025
- Gradaim an Bhaile is Feistiúla in Éirinn
- Gradaim Réigiúnacha 2024
- Lá Ceiliúrtha i mBaile an Chollaigh
- Pobail faoi Bhláth agus Entente Florale 2025
- Líonra Inbhuanaitheachta & Bithéagsúlachta Lár Tíre
- Bailte Slachtmhara Chaisleáin an Bharraigh
- Seanchlós Súgartha Chluain Tuaiscirt
- Mórtas Bhailte Slachtmhara Droim Seanbhó
- Bailte Slachtmhara Chathair na Mart
- Bailte Slachtmhara an Ghleanntáin
- Bailte Slachtmhara Chaisleán Cnucha
- An cúinne filíochta
- Coinnigh i dteagmháil

SuperValu Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

## Seoladh Chomórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu 2025

Sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na Gaeltachta, Dara Calleary TD, i gcomhar le Stiúrthóir Bainistíochta SuperValu, Luke Hanlon, comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2025 Dé Luain an 24 Márta.

Bhí an seoladh oifigiúil ar siúl i mBaile an Chollaigh i gCo. Chorcaí – buaiteoirí Chomórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu 2024.

Is é an 12 Bealtaine 2025 an dáta deiridh chun iontrálacha a chur faoi bhráid do chomórtas na bliana seo.








## Gradaim an Bhaile is Feistiúla in Éirinn

Tá Gradaim an Bhaile is Feistiúla in Éirinn ag ceiliúradh 30 bliain ar an bhfód i mbliana. Is comórtas uile-oileáin atá anseo trína dtéann iontrálaithe ar chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu in iomaíocht le hiontrálaithe an chomórtais Is Feistiúla i dTuaisceart Éireann. Fógraíodh torthaí chomórtas an Bhaile is Feistiúla in Éirinn do 2025 ag imeacht a bhí ar siúl i dTeach Farmleigh i mBaile Átha Cliath an 17 Meitheamh. Bhí Doreen Muskett MBE ó Amenity Council Thuaisceart Éireann agus Dara Calleary, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta i láthair chun na buaiteoirí a fhógairt agus na gradaim a bhronnadh.




Bhronn an tAire Dara Calleary agus Doreen Muskett MBE an gradam do Bhuaiteoir an Bhaile Bhig is Feistiúla in Éirinn 2025, ar Chromghlinn, Co. an Dúin.



Bhronn an tAire Dara Calleary agus Doreen Muskett MBE an gradam do Bhuaiteoir an Bhaile Mhóir is Feistiúla in Éirinn 2025 ar Bhun Cranncha, Co. Dhún na nGall.



Bhronn an tAire Dara Calleary agus Doreen Muskett MBE an gradam do Bhuaiteoir an tSráidbhaile is Feistiúla in Éirinn 2025, ar Dhomhnach Mór, Co. Thír Eoghain.



Grúpa Bailte Slachtmhara an Náis sa ghrianghraf le Doreen Muskett MBE ó Amenity Council Thuaisceart Éireann agus Dara Calleary, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Sciob an Nás leo an teideal don Ionad Uirbeach is Feistiúla in Éirinn do 2025 agus an teideal foriomlán don Bhaile is Feistiúla in Éirinn 2025. Comhghairdeas leis an uile dhuine agaibh.

## Searmanais na nGradam Réigiúnach 2024

Bhí ríméad ar an Roinn gach ceann de na ceithre shearmanas de Ghradaim Réigiúnacha Bhailte Slachtmhara SuperValu 2024 a reáchtáil níos túisce sa bhliain.

### Searmanas Ghradam Réigiúnach Lár Tíre agus an Oirthir 2024

Bhronn an tAire Kevin 'Boxer' Moran agus Yvonne O'Brien, SuperValu na duaiseanna do 2024 ar ghrúpaí buacacha na mBailte Slachtmhara ón réigiún Lár Tíre agus an Oirthir in Óstán Shamrock Lodge, Baile Átha Luain Dé Luain 10 Márta 2025. Ba í Helen Conneely, Cathaoirleach Fhorbairt Pobail Bhaile na hAbhann Bean an Tí ar an Oíche.



Is é Baile na hAbhann, Co. na hIarmhí a sciob leo an Gradam Réigiúnach agus an Gradam don Sráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn 2024

### Searmanas Ghradam Réigiúnach an Iardheiscirt agus an Iarthair Láir 2024

Bhronn Jerry Buttimer agus Michelle Griffin, SuperValu duaiseanna 2024 ar ghrúpaí buacacha na mBailte Slachtmhara ó réigiún an Iardheiscirt agus an Iarthair Láir in Óstán Talbot i mBaile an Chollaigh Dé Luain an 24 Márta 2025. Ba é John O'Regan, Bailte Slachtmhara Bhaile an Chollaigh, Fear an Tí don oíche.



Buaiteoir don Ionad Uirbeach is Slachtmhaire in Éirinn 2024 agus don Bhaile is Slachtmhaire in Éirinn 2024 - Bailte Slachtmhara Bhaile an Chollaigh, Co. Chorcaí

### Searmanas Ghradam Réigiúnach an Iarthuaiscirt agus an Iarthair 2024

Bhronn an tAire Dara Calleary agus Richard Lennon, SuperValu, duaiseanna 2024 ar ghrúpaí buacacha na mBailte Slachtmhara ó réigiún an Iarthuaiscirt agus an Iarthair i Óstán an Castlecourt i gCathair na Mart Dé Luain an 7 Aibreán 2025. Ba é Dermott Langan fear an tí don oíche.



Buaiteoirí Ghradam Réigiúnach an Iarthuaiscirt agus an Iarthair 2024 & buaiteoirí an Bhaile Mhóir is Slachtmhaire in Éirinn 2024, Bailte Slachtmhara Chathair na Mart, Co. Mhaigh Eo

### Buaiteoir Ghradam Réigiúnach an Oirdheiscirt 2024– Bailte Slachtmhara Imligh, Co. Thiobraid Árann

Bhronn an tAire Timmy Dooley agus Yvonne O'Brien, SuperValu, duaiseanna 2024 ar na grúpaí buacacha ó réigiún an Oirdheiscirt in Óstán Gailf an Great National i mBaile Mhic Oistín, Co. Thiobraid Árann Dé Luain an 14 Aibreán 2025. Ba é Jonas Callanan, Bailte Slachtmhara Imligh, Fear an Tí don oíche.



Buaiteoir Ghradam Réigiúnach an Oirdheiscirt 2024– Bailte Slachtmhara Imligh, Co. Thiobraid Árann Co. Tipperary

## Lá Ceiliúrtha, Baile an Chollaigh

Nochtadh plaic sa phlás in ionad siopadóireachta Castlewest chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhuachan chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2024 Bhaile an Chollaigh. Déantar ceiliúradh leis an bplaic ar bhua iontach 2024 agus tugtar ómós do dhúthracht na mbailte ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar thimpeallacht atá glan, álainn agus fáilteach. Nochtadh an phlaic Dé Domhnaigh an 18 Bealtaine, 2025.



## Pobail faoi Bhláth 2025

Bhí cuairt mholtóirí Phobail faoi Bhláth ar siúl i Mainistir Laoise, Co. Laoise Déardaoin agus Dé hAoine an 26 & 27 Meitheamh. Rinne Mainistir Laoise, Co. Laoise, buaiteoirí 2023 an Bhaile is Slachtmhaire in Éirinn, ionadaíocht ar Éirinn ar an stáitse Idirnáisiúnta. Thug beirt mholtóirí Phobail faoi Bhláth, Alain Cappelle agus Anthony O'Neill cuairt ar Mhainistir Laoise agus bhí siad thar a bheith tógtha le flaithiúlacht mhuintir na háite, leis na tionscadail nuálacha agus leis an mbraistint pobail. Maith sibh a mhuintir Mhainistir Laoise – guímid gach rath oraibh ag searmanas gradam Phobail faoi Bhláth a bheidh ar siúl in Stratford, Ontario ón 16 – 18 Deireadh Fómhair.













## Entente Florale 2025

ENTENTE FLORALE EUROPE
Association Européenne pour le Fleurissement et le Paysage

Bhí cuairt mholtóirí Entente Florale 2025 ar siúl an 11 agus an 12 Iúil. Is iad Tír Dhá Ghlas, Co. Thiobraid Árann agus Maigh Nuad, Co. Chill Dara na hiontrálaithe do 2025. D'oibrigh an dá ionad go dian dícheallach ar na hullmhúcháin agus guímid gach rath ar an dá ionad. Fógrófar na torthaí ag an searmanas bronnta duaiseanna i Velejne, sa tSlóivéin an 27 Meán Fómhair. Bhí an dá ionad le feiceáil ar an gclár Nationwide an 23 Iúil.






Tír Dá Glas 11 Iúil





Maigh Nuad 13 Iúil

SuperValu Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

## Líonra Inbhuanaitheachta & Bithéagsúlachta Lár Tíre

Is grúpa d'eagraíochtaí pobail a bhfuil leas comhchoiteann acu san Inbhuanaitheacht agus sa mBithéagsúlacht iad Líonra Inbhuanaitheachta & Bithéagsúlachta Lár Tíre. Faigheann an Líonra tacaíocht faoi chlár Training Links an Wheel. Áirítear sa Líonra, atá faoi stiúir Ionad EDI an Longfoirt, Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe (SEC) agus grúpaí Bailte Slachtmhara Laoise, an Longfoirt, Uíbh Fhailí, Ros Comáin agus na hIarmhí.

Tá sé mar phríomhchuspóir againn acmhainneacht a fhorbairt agus sineirge a chruthú i measc líonra leathan de ghrúpaí Bailte Slachtmhara agus SECanna in Éirinn – á gcumhachtú le tionscadail Inbhuanaitheachta agus Bithéagsúlachta a chur i gcrích.

Cuirfidh an Líonra sraith ceardlann Inbhuanaitheachta agus Bithéagsúlachta ar fáil ar fud an cheantair Lár Tíre sna blianta 2025 & 2026, i gcomhar le Meantóirí Contae SEAI agus le Comhairleoirí ó Woodrow

Comhairleoireacht Comhshaoil. Áireofar mionsonraí de chatagóirí moltóireachta Inbhuanaitheachta agus Bithéagsúlachta na mBailte Slachtmhara sna ceardlanna agus cuairteanna ar láithreacha agus ar thionscadail áitiúla.

Beidh an chéad cheardlann ar siúl an 20 Meán Fómhair 2025 – i mBéal Átha Liag, i gCo. an Longfoirt. Tá ceardlanna beartaithe i míonna Dheireadh Fómhair/na Samhna i Laois, Uíbh Fhailí, Ros Comáin & san Iarmhí. Tá fáilte roimh gach eagraíocht pobail a bheith i láthair.

Le tuilleadh mionsonraí a fháil, cuir glaoch nó seol ríomhphost, le do thoil: 087 2222543
HBaxter@CerenaConsulting.onMicrosoft.com

the wheel
Stronger Charities.
Stronger Communities.

traininglinks | woodrow APEM Group | seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

## 30 Bliain de Spiorad Pobail á Cheiliúradh ag Bailte Slachtmhara Chaisleán an Bharraigh

Ní mhaolódh fiú an tráthnóna geimhridh fuar, fliuch, spiorad na ndaoine siúd a bhí i láthair ag oíche Bronnta Gradam Bhailte Slachtmhara Chaisleán an Bharraigh. Bhí an áit plódaithe agus an pobal ansin le ceiliúradh a dhéanamh ar an ngrúpa atá 30 bliana ar an bhfód agus le hómós a thabhairt do dhíograis na ndaoine aonair agus na n-eagraíochtaí atá ag obair gan stad gan staonadh le háit níos fearr le maireachtáil ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Chaisleán an Bharraigh.

Ócáid ómóis cuí a bhí in oíche Gradaim Bhailte Slachtmhara Chaisleán an Bharraigh ar mhórtas pobail, maoirseacht comhshaoil agus tríocha bliain d'iarracht dúthrachtach. Tá grianghraif de bhuaiteoirí na hoíche san áireamh thíos:















## Seanchlós Súgartha Chluain Tuaiscirt

Is é sráidbhaile Chluain Tuaiscirt an t-aon sráidbhaile de chuid Bhord na Móna i gContae Ros Comáin agus mar sin, is príomhghné oidhreachta ailtireachta é an baile sa chontae. Tá an tírdhreach atá mórthimpeall Chluain Tuaiscirt faoi réir ag réimsí móra portaigh. Is í an ghné seo bun agus barr scéim tithíochta Chluain Tuaiscirt. Osclaíodh an scéim go hoifigiúil sa bhliain 1953 mar cheann de shráidbhailte bunaidh Bhord na Móna a d'fhreastail ar theaghlaigh na n-oibrithe ó gach cearn den tír a tháinig le fostaíocht a fháil ar na portaigh.




Creidimid go bhfuil tábhacht ailtireachta, tionsclaíoch agus cultúrtha shráidbhailte Bhord na Móna in Éirinn mar phríomhpháirt dár scéal náisiúnta. Tá go leor oibre curtha i gcrích ag Bailte Slachtmhara Chluain Tuaiscirt le blianta beaga anuas chun an sráidbhaile a chur chun cinn agus a thábhacht a chur ar na súile do lucht féachana níos leithne, a cuireadh chun cinn trí chomhoibriú le Foras Ailtireachta na hÉireann de scoth agus le hÉire Ildánach i bhfoirm tionscadail Athshamhlaithe Shráidbhailte na nOibrithe ar cuireadh tús leis i gCluain Tuaiscirt in 2021, clár a bhí á mhaoiniú faoin gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide Éire Ildánach.





Leagtar amach i bhfoilseachán le gairid den "Irish Housing Design 1950-1980" an líon tagairtí sa scríbhneoireacht chomhaimseartha ar thábhacht ailtireachta, stairiúil agus shóisialta shráidbhailte Bhord na Móna. Is é an t-ailtire agus an físí, Frank Gibney a dhear scéimeanna tithíochta Bhord na Móna. Bhíomar i dteagmháil le Fergal MacCabe, údar "Ambition and Achievement: The Civic Visions of Frank Gibney", ar ailtire agus pleanálaí baile é a rugadh sa Tulach Mhór, a mhol ina leabhar gur cheart sráidbhailte go léir Frank Gibney a ainmniú mar Limistéir Caomhantais Ailtireachta.

Bhí clós súgartha do leanaí oibrithe Bhord na Móna mar phríomhghné den dearadh a chuir Bord na Móna ar fáil i dtús ama sna seacht gcinn de shráidbhailte. Bhí an t-ádh orainn gur chuir Ruth Trimble (Malone) ó Chluain Tuaiscirt ó dhúchas na grianghraif iontacha seo ar fáil dúinn de 'Sheanchlós Súgartha' Chluain Tuaiscirt a théann siar go dtí thart ar na 1970idí. B'fhéidir go dtabharfadh na híomhánna seo roinnt cuimhní cinn óna n-óige ar ais do na léitheoirí ar fud na tíre, go háirithe iad siúd a d'fhás suas iad féin i sráidbhailte Bhord na Móna".

## Mórtas i mBailte Slachtmhara Dhroim Seanbhó

Rinne ár gcoiste cinneadh ealaín a shuiteáil ar bhoscaí leictreacha sa bhaile agus tugadh cuireadh do bhean óg, Shona Grunewald, a bheith ar an gcéad ealaíontóir leis an obair seo a chruthú. Tá Shona 25 bliain d'aois, tá sí ar dhuine den phobal uathachais. Tá céim onóracha aici sa Dearadh Grafach ó Bhaile Átha Luain. Chuamar céim níos faide agus shocraíomar go mbeadh a céad taispeántas ealaíne ag Shona i gComhar Creidmheasa Dhroim Seanbhó. Cuir Shona réimse oibre ar díol, chomh maith le priontaí agus greamáin a chuireann a cuid saothair féin agus na Bailte Slachtmhara chun cinn. Tá sraith saothair ealaíne againn an bhliain seo chugainn ó dhaltaí meánscoile chomh maith le leanaí bunscoile. Beidh sé seo go léir mar chuid dár "gConair Oidhreachta & Ealaíne" amach anseo.

Bí ag faire amach don bhailchríoch gheal, chruthaitheach agus óigeanta ar fud Dhroim Seanbhó in 2025.







## Bailte Slachtmhara Chathair na Mart - Turas ar Bhláthbhoscaí Fuinneoige agus Bláthchiseáin ar Crochadh

San eagrán seo, shíl mé go dtabharfaimis sracfhéachaint ar na bláthbhoscaí fuinneoige. Ní chuirtear na bláthbhoscaí seo le chéile in aon oíche amháin, mar sin, shíl mé go roinnfinn an próiseas leat.

Ar an gcéad dul síos, bhí cruinnithe i gceist le Ceantar Bardasach Chathair na Mart agus Bhéal an Mhuirthead, le Cumann Lucht Tráchtála Chathair na Mart agus leis an DSP agus cruinniú leis an gComhairle Contae le cead a fháil leis na taispeántais bláthanna a chrochadh agus cúnamh a fháil le cothabháil a dhéanamh orthu. Ansin ní mór dúinn meastacháin a fháil ónár soláthróirí agus a chinntiú go

bhfuil na ciseáin chomh bithéagsúil agus is féidir. Seoltar litir ó Oifig na mBailte Slachtmhara chuig gnólachtaí i gCathair na Mart a thug tacaíocht don scéim roimhe seo. Ba cheart do ghnólachtaí nua nó iad siúd ar mian leo a bheith páirteach amach anseo, ríomhphost léirithe spéise a sheoladh chuig chamber@westportireland.com

Tá sliocht beag ón litir mar a leanas.

"Beidh Coiste Bhailte Slachtmhara Chathair na Mart i gcomhar le Ceantar Bardasach Chathair na Mart agus Bhéal an Mhuirthead, Cumann Lucht Tráchtála Chathair na Mart agus an DSP ag leanúint lena dTionscadal do Thaispeántas Bláthanna i lár an bhaile i mbliana.

Ba ghné é éifeacht fhísiúil thaispeántais na mbláthbhoscaí fuinneoige den rath a bhí ar Chathair na Mart sna blianta roimhe seo i nGradaim Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

Cuirfear na bláthbhoscaí fuinneoige ar urlár na talún agus ar an gcéad urlár amháin.

Chomhaontaigh Comhairle Cheantar Bardasach Chathair na Mart agus Bhéal an Mhuirthead uisce a chur ar na bláthanna go rialta i rith mhíonna an tsamhraidh lena chinntiú go mbeadh borradh faoi na bláthanna i gcónaí."

Nuair a fhaighimid iarratais íoctha, ordaímid na bláthanna ó dhá ionad garraíodóireachta. Cuirfidh siadsan na bláthanna agus coinneoidh siad na bláthanna ar feadh míosa go mbeidh siad faoi bhláth.

Tabharfaidh na soláthróirí na boscaí chomh fada leis an Ochtagán ansin, áit a mbeidh foirne ó Scéimeanna TÚS agus Ce, ó Chomhairle Bardasach Iarthar Mhaigh Eo agus foirne Bhailte Slachtmhara Chathair na Mart ansin leis na leoraithe a dhíluchtú agus leagfar na bláthanna os comhair na ngnólachtaí ábhartha. Tabharfar na boscaí eile go léir chomh fada le stóras na Comhairle agus le cúnamh ó na hoibrithe, ó chliabháin ardaithe agus ó dhréimirí, déanfar iad a dháileadh agus déanfar na ciseáin a chrochadh agus réamhchúraim sábháilteachta á gcomhlíonadh. Tá ceithre chéad bosca agus ciseán fuinneoige i gceist, mar sin is féidir leat an méid oibre a bhíonn i gceist a shamhlú. Tógann an méid seo oibre coicís ar a laghad agus déanann Elsie Higgins agus Liam Campion an comhordú idir na páirtithe go léir.

Cuireann foireann na comhairle agus duine amháin ó na Bailte Slachtmhara uisce ar na taispeántais bláthanna gach uile sheachtain, déantar sceideal a eagrú le leasú a chur ar na bláthanna freisin.

Tugtar na boscaí anuas ag deireadh mhí Meán Fómhair agus eagraíonn Elsie obair dheisiúcháin ar na boscaí agus ar na ciseáin freisin agus déantar an múirín agus na bleibíní a athúsáid i soithí plandaí ar fud an bhaile sa chás é sin a bheith indéanta. Ansin stórálann Elsie na boscaí go dtí an bhliain dár gcionn.

## Bailte Slachtmhara an Ghleanntáin

Sa Ghairdín Comórtha ar an L3004 a bhíonn Réinfhianna Dhaidí na Nollag Bhailte Slachtmhara an Ghleanntáin anois gach aon bhliain. Cuirtear na Réinfhianna anseo gach aon bhliain agus is cuid íocónach atá iontu de spiorad ceiliúrtha an Ghleanntáin don Phobal go léir. Is comhiarracht atá i gceist anseo idir Bothán na bhFear/ an GTT agus Daltaí na hIdirbhliana a dhéanann obair as cuimse dúinn gach aon bhliain.





## Bailte Slachtmhara Chaisleán Cnucha. An Grúpa Comhshaoil, Inbhuanaitheachta agus Gníomhú ar son na hAeráide

Tá clú agus cáil in Éirinn ar bhranda na mBailte Slachtmhara atá ar an bhfód ó 1958. Is comórtas bliantúil ar bhonn náisiúnta atá i gceist leis na Bailte Slachtmhara a bhfuil áit ar leith aige i gcultúr na hÉireann mar go bhfuil sé ar an tionscnamh inbhuanaithe agus comhshaoil is fearr aithne sa tír. Tá sé mar phríomhfhócas ag na Bailte Slachtmhara pobail a spreagadh le háit níos fearr le maireachtáil ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh dá gceantar áitiúil trí bhealaí praiticiúla agus cruthaitheacha a aimsiú lena gcuid bailte agus sráidbhailte a fheabhsú.

Le tamall anuas tá níos mó béime curtha ar ábhair ar nós athrú aeráide agus inbhuanaitheacht. Mar fhreagra ar na dúshláin seo agus le haird a tharraingt ar Bhailte Slachtmhara Chaisleán Cnucha a bheith ag díriú ar aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo, tá buafhocal curtha againn le dath glas ár lógó a léann mar "Bailte Slachtmhara Chaisleán Cnucha" anois. An Grúpa Comhshaoil, Inbhuanaitheachta agus Gníomhú ar son na hAeráide."

Tá dóchas againn trí bhéim a chur ar cháilíochtaí comhshaoil, inbhuanaitheachta agus gníomhú ar son na haeráide go mbeidh sé ar ár gcumas go dtuigfidh daoine go bhfuil i bhfad níos mó idir lámha againn ná díreach cuma dheas a chur ar an gcomharsanacht agus sinn ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna atá ag bagairt ar an bpláinéad.

Trí shampla a thabhairt, tá breis is 2,000 crann curtha againn inár gcomharsanacht le blianta beaga anuas, tá 12 ceapach bláthanna curtha againn atá neamhdhíobhálach do phailneoirí agus tá an leathanach Facebook Castleknock Community Cycle socraithe suas againn, le breis is 3,200 comhalta áitiúil rud a chumasaigh athchúrsáil a dhéanamh ar bhreis is 7,000 mír athláimhe a cuireadh ar fáil go deonach agus a sábháladh ó líonadh talún. Beidh sábháil na gcéadta póstaeir toghcháin

agus ceangail cábla plaisteacha ón líonadh talún freisin mar thoradh ar thionscnamh Crios Saor ó Phóstaeir Chaisleán Cnucha. Níl anseo a beagán den iliomad tionscadal atá tosaithe againn.

Tá sé i gceist lenár lógó, leis an mbuafhocal nua glas luachanna ár mbranda a chur trasna go soiléir, a bheith stuama, lorg bhuan a chruthú, aird a tharraingt agus tacú lenár n-aidhmeanna, agus an déimeagrafach níos óige a mhealladh ar mian leo a gcion a dhéanamh ó thaobh aire a thabhairt dár bpláinéad. Cuireann sé ar ár gcumas ár misean, cuspóir agus cultúr a chur in iúl agus ag an am céanna iarracht a dhéanamh tacaíocht a fháil, go háirithe ó dhaoine óga ar bhonn deonach a chuideoidh linn lenár gcuid spriocanna a bhaint amach.
Email: castleknocktidytowns@gmail.com
Website: www.castleknocktidytowns.com

## Ceistneoir Bailte Slachtmhara SuperValu

Bíodh ag faire amach dár ceistneoir a sheolfar chugaibh trí ríomhphost an tseachtain seo. Tá tábhacht mhór le do chuid ionchuir phobail abd I mbliana d'fhradfadh do phobal ceann de 26 Cárta Bronntanais SuperValu €100 a bhuachan, tríd an ceistneoir a chomhlánú.

## Coinnigh i dTeagmháisl

Mar is gnách, lean oraibh, le bhur dtoil le grianghraif, ailt agus an nuacht is deireanaí a sheoladh chugainn lena gcur san áireamh. Clúdófar an Searmanas Bronnta Náisiúnta a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh le gairid inár n-eagrán deiridh i mbliana.

Niamh, Helen, Siobhán and Chloe

An Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail agus an Gaeltachta, Oifig an Rialtais, Beal an Átha, Co. Mhaigh Eo F26 E8N6

Email: TidyTowns@drcdg.gov.ie Phone: 01 773 6988

**tidytowns@drcd.gov.ie**

**01-7736988/01-7736912**

**facebook.com/OfficialSuperValuTidyTowns**

**x.com/TidyTownsIre**

**@supervalutidytownscompetition**

**www.tidytowns.ie**

FOLLOW US!

## Cúinne an Fhile

**GRUAIM AN GHEIMHRIDH**
Faigh réidh le gruaim an gheimhridh
Tá laethanta níos gile ar an mbealach
Bliain nua, tús nua
Tosóimid arís le smaointeoireacht úr.

Féach ar thuarascáil na bliana seo caite
Féach ar an méid is féidir leat a dhéanamh le do scór a fheabhsú
Tá plean 3 bliana ag teastáil ó gach aon duine
Agus tá spriocanna inbhuanaitheachta mar chuid de sin go léir

Is am iontach den bhliain é seo le bheith ag cur
Gach cineál toraidh mar úlla agus silíní
Gais sútha craobh, spíonáin, cuiríní
Is ionann sútha talún i mí an Mheithimh agus sásamh ar leith a bhaint as an samhradh

Is radharc iontach atá i bplandaí ceapaí samhraidh
Ach níl mórán maitheasa iontu don fhiadhúlra
Mar sin tá plandáil bhuan i bhfad níos fearr
Sábhálfaidh sé airgead agus mothóidh tú níos fearr.

Mar sin, tabhair aird ar an méid atá á rá agam
Imíonn an t-am go tapa agus beidh an obair le déanamh
Mar sin bíodh plean agat d'obair na bliana 2025
Agus ní bheidh tú faoi strus nuair a thagann an lá fada

Dár mbailte agus sráidbhailte go léir
Guím gach uile ádh oraibh
Lean leis na hiarrachtaí, ní féidir libh ach bhur ndícheall a dhéanamh
Bí sábháilte agus bain taitneamh as an obair
Agus d'fhéadfadh sé gur tusa a bhainfeadh an gradam amach sa bhliain 2025

*Denis Heffernan - Eanáir 2025*

**BLOOM I MÍ AN MHEITHIMH**
Ar aghaidh linn go Bloom an chéad lá de mhí an Mheithimh
Bhí an mhaidin fuar, bhí an spéir dorcha,
Ach bhí ár n-intinn déanta suas againn sásamh a bhaint as an lá.

Fuaireamar an bus ag a 7 a chlog,
Bhí arraing i mo bholg agus ní raibh mé thar mholadh beirte,
Ach bhí Jonas, mo chúramóir i mo theannta ar feadh an lae,
Bhí a fhios agam go mbeadh gach uile ní togha.

Bhaineamar an pháirc amach ag a 11 a chlog,
Bhí an ghrian ag scaladh agus an bháisteach stoptha,
Isteach liom sa chathaoir rothaí,
Agus bhí mé sa chathaoir sin ar feadh 6 huaire an chloig nó níos mó.

Bhrúigh Jonas go dtí gach uile stainnín a bhí san áit mé,
Bhí na gairdíní i ngach aon áit chomh gleoite,
Casadh go leor daoine orainn ar feadh an bhealaigh,
Agus an ghrian ag scaladh anuas ar an uile dhuine a bhí ansin.

Bhí píosaí cainte maidir leis seo agus maidir leis siúd mórthimpeall orainn,
Ach bhí an comhrá maidir leis na Bailte Slachtmhara ar an gcomhrá is fearr ar fad,
Nuair a chuaigh Christy Boylan ar an stáitse,
Chloisfeá biorán ag titim, casacht nó sraoth.

Labhair sé amach ón gcroí i nglór bog suaimhneach,
Maidir leis an méid a bhí le tarlú nuair a thiocfadh na moltóirí,
Dúirt sé aird a thabhairt ar an méid a bhí le déanamh agat,
Agus gan a bheith faoi bhrú ach taitneamh a bhaint as do chuid oibre.

D'imigh an lá chomh tapa sin agus thugamar aghaidh ar an mbaile gan mhoill,
Tuirseach, traochta tar éis seó den scoth,
Buíochas leis na daoine a rinne an obair,
Beannacht Dé oraibh go léir, is fiú bhur n-oiread féin óir sibh.

*Denis Heffernan - Meitheamh 2025*